Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2018
(OR. en)

14802/18

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2017/0121(COD)**
**2017/0122(COD)**
**2017/0123(COD)**

**TRANS 582**
**SOC 738**
**EMPL 552**
**MI 903**
**COMPET 823**
**CODEC 2123**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 13922/1/18 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 9668/17<br>ST 9670/17<br>ST 9671/17 |
| Ábhar: | Pacáiste Soghluaisteachta I:<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 chun go n-oiriúnófar iad d'fhorbairtí san earnáil<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 i dtaca le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla agus, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus Rialachán (AE) 165/2014 i dtaca le suíomh le tacagraif<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar<br>– Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún na trí thogra ar an 31 Bealtaine 2017 mar chuid den chéad sciar den phacáiste soghluaisteachta. Is iad seo a leanas príomh-chuir chuige na dtograí:

– *Rochtain ar an ngairm agus ar an margadh:* géarú agus comhchuibhiú ar na coinníollacha chun cuideachtaí a bhunú agus feabhas a chur ar an gcomhar i measc na mBallstát i gcoinne cuideachtaí caocha, mar a thugtar orthu; ceadúnú éigeantach d'oibreoirí feithiclí tráchtála éadroma; na srianta cabatáiste agus sásraí gaolmhara rialaithe a athbhreithniú agus a shimpliú; bogadh i dtreo doiciméid leictreonacha;

– *Tréimhsí tiomána agus scíthe agus tacagraf*: solúbthacht a mhéadú i ndáil le húsáid tréimhsí scíthe seachtainiúla chun filleadh rialta abhaile na dtiománaithe a éascú; oibleagáid shoiléir ar na hoibreoirí cóiríocht leordhóthanach arna híoc ag na hoibreoirí a chur ar fáil lasmuigh de chábán an tiománaí; oibleagáid trasnuithe teorann a ionchódú sa tacagraf d'fhonn rialuithe a éascú;

– *Postú oibrithe iompair de bhóthar agus forfheidhmiú reachtaíochta sóisialta:* soiléiriú a thabhairt ar chur chun feidhme na bprionsabal a bhaineann le 'postú oibrithe' trí thréimhse a leagan síos nach mór don tiománaí a chaitheamh sa Bhallstát (trí lá in aghaidh na míosa nuair is iompar idirnáisiúnta atá i gceist) ionas go mbeidh feidhm ag an íosphá áitiúil agus ag na rialacha maidir le saoire bhliantúil; seicliostaí mionsonraithe i gcomhair rialuithe sa Bhallstát óstach, bunaithe ar mhodh comhchuibhithe riosca-rátála agus lena gcumhdaítear freisin an Treoir maidir le hAm Oibre.

2. Cheap Coiste Iompair agus Turasóireachta Pharlaimint na hEorpa (TRAN) Ismail Ertug (S&D, DE) mar rapóirtéir don togra lena leasaítear Rialachán 1071/2009 agus Rialachán 1072/2009, Wim van de Camp (EPP, NL) mar rapóirtéir don togra lena leasaítear Rialachán 561/2006 agus Rialachán 165/2014 agus Merja Kyllönen (EUL/NGL, FI) mar rapóirtéir don togra lena leasaítear Treoir 2006/22/CE agus lena leagtar síos rialacha sonracha i ndáil le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar. Thug an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) tuairimí uaidh maidir leis an gcéad togra ar an 30 Aibreán 2018 agus ar an dara togra ar an 26 Aibreán 2018 agus ar an tríú togra ar an 4 Bealtaine 2018. Ag an seisiún iomlánach a bhí ag an bParlaimint ar an 4 Iúil 2018, vótáil sí ar leasuithe ar na tuarascálacha TRAN, ach ní raibh aon tromlach ann chun tacú le haon cheann díobh. Leantar leis an bplé sa Choiste TRAN.

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa dhá thuairim ar na trí thogra ar an 18 Eanáir 2018 agus ghlac Coiste Eorpach na Réigiún tuairim amháin ar na tograí sin ar an 1 Feabhra 2018.

## II. OBAIR SA CHOMHAIRLE

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh na tograí faoi Uachtaránachtaí roimhe seo idir 1 Meitheamh 2017 agus 14 Bealtaine 2018, agus mar thoradh air sin rinneadh tuarascáil ar dhul chun cinn a thíolacadh don Chomhairle ar an 5 Nollaig 2017 agus ar an 7 Meitheamh 2018.[1] Tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pharlaiminteacha ag toscaireacht DK agus toscaireacht UK i gcónaí.

5. Le linn Uachtaránacht na hOstaire, phléigh an mheitheal an bealach a bhféadfaí dul chun cinn agus dréachtchomhréitigh éagsúla ón Uachtaránacht idir an 1 Deireadh Fómhair agus an 6 Samhain 2018. Dírítear leis na comhréitigh ón Uachtaránacht ar chothromaíocht a bhaint amach idir cosaint shóisialta leordhóthanach agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus an t-ualach riaracháin a laghdú. Is ar na colúin seo a leanas a bhunaítear na comhréitigh agus meastar mar phacáiste iad:

[1] 14841/17 agus 9259/18.

6. Tacagraif (Rialachán 165/2014)

- Ó mhí an Mheitheamh 2022 amach, feisteofar feithiclí nua leis an dara leagan de thacagraif chliste (an dara fomhír d'Airteagal 8(1). Ní mór feithiclí a fheistítear leis an gcéad leagan den tacaghraf cliste ó mhí an Mheithimh na bliana seo chugainn uasdátú bogearraí a fháil don dara leagan faoi dheireadh 2024.

- Déanfar na feithiclí uile a dhéanann oibríochtaí iompair idirnáisiúnta a iarfheistiú leis an dara leagan den tacagraf cliste faoi dheireadh 2024 (Airteagal 3(4)).

- Leis an dara leagan, beifear in ann clárú go huathoibríoch nuair a thrasnaítear teorainn agus san áit a dtrasnaítear í, agus beifear in ann gníomhaíochtaí luchtaithe agus díluchtaithe a logánú.

- Go dtí go gcríochnófar próiseas an iarfheistithe, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar thiománaithe cód tíre a chlárú de láimh ag an gcéad áit stadta tar éis an teorainn nuair a bhíonn siad ag baint úsáide as tacagraf analógach nó digiteach.

- I bhfianaise an mhéid níos mó sonraí a bheidh le taifeadadh ag na tacagraif chliste nua agus an gá a bheidh ann an t-ionchur le 56 lá anuas a shábháil, mar atá molta ag an Uachtaránacht, ní mór rud a chur in ionad na gcártaí tiománaí faoi 2024.[2]

Is féidir teacht ar an gcomhréiteach ón Uachtaránacht in aguisín 3 a ghabhann leis an tuarascáil seo.

7. Cabatáiste (Rialachán 1072/2009)

- Ba cheart an riail reatha d'uasmhéid 3 oibríocht in aon tréimhse 7 lá (Airteagal 8(2)) a choinneáil, agus aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar na heasnaimh a shainaithnítear sa mheastóireacht *ex-post* trí fhaireachán níos fearr a dhéanamh trí bhíthin na faisnéise tacagraif maille le doiciméid lasta i bhfoirm páipéir nó leictreonach a bheadh inrochtana le linn seiceálacha cois bóthair (Airteagal 8(3) agus (4a)).

[2] Ní mór cártaí tiománaí a mhalartú gach 5 bliana. Ós rud é go ndiúltófar do chártaí tiománaí go teicniúil tar éis 5 bliana, ní fhéadfar bailíocht na gcártaí tiománaí atá ann cheana a shíneadh chun go mbeadh siad cothrom le 2024 mar bhliain chun an tacagraf a athnuachan.

- D'fhonn dul i ngleic le mí-úsáid i bhfoirm cabatáiste córasach, ba cheart "tréimhse mharana" 7 lá (Airteagal 8(2a)) a thabhairt isteach, i ndiaidh na hoibríochta cabatáiste deireanaí, laistigh den teorainn ama a cheadaítear, sula bhféadfar tuilleadh oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh sa Bhallstát céanna leis an bhfeithicil chéanna.

Is féidir teacht ar an gcomhréiteach ón Uachtaránacht in <u>aguisín 2</u> a ghabhann leis an tuarascáil seo.

8. <u>Critéir bhunaíochta d'oibreoirí iompair de bhóthar (Rialachán 1071/2009)</u>

- Ba cheart go ndéanfaí an gá atá le bunú éifeachtach oibreoirí iompair de bhóthar, seachas tuilleadh cuideachtaí caocha, a atreisiú le filleadh rialta ar ais laistigh de 6 seachtaine ar ionad oibríochtúil i mBallstát bunaíochta na bhfeithiclí a úsáidtear in iompar idirnáisiúnta (Airteagal 59(1)(ca)). Ba cheart an oibleagáid sin a mhodhnú i gcás na mBallstát oileánach d'fhonn ualach díréireach a sheachaint.

Is féidir teacht ar an gcomhréiteach ón Uachtaránacht in <u>aguisín 1</u> a ghabhann leis an tuarascáil seo.

9. <u>Tréimhsí tiomána agus tréimhsí sosa (Rialachán 561/2006)</u>

- Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an tarlóir sceidil oibre sheachtainiúla a eagrú sa chaoi go mbeidh an tiománaí in ann filleadh abhaile gach 4 seachtaine ar a laghad (Airteagal 8(8a)), agus ba cheart trí seachtaine a bheith i gceist leis i gcás ina dtógtar dhá thréimhse scíthe sheachtainiúla laghdaithe roimhe sin. Ní mór don tarlóir a chruthú go bhfuil an oibleagáid seo comhlíonta aige trí uainchlár dualgais, taifid tacagraif agus aon fhianaise eile atá ar fáil a sholáthar.

- Ba cheart go bhfanfadh an riail atá ann faoi láthair maidir le huasteorainneacha tiomána (90 uair a chloig thar dhá sheachtain Airt. 6(3)) i bhfeidhm. Ag an am céanna, ba cheart go mbeadh an deis ann 2 scíth sheachtainiúil laghdaithe leantacha a bheith ann thar thréimhse 4 seachtaine (Airt 8(6)). Is é is cuspóir don togra seo, atá sa tionscnamh ón gCoimisiún cheana, tréimhsí scíthe níos faide a mholadh (scíth rialta sheachtainiúil 45 uair an chloig + cúiteamh le haghaidh tréimhsí scíthe laghdaithe). Molann an Uachtaránacht, i gcás ina dtógtar dhá thréimhse scíthe sheachtainiúla laghdaithe as a chéile, gur cheart an tréimhse scíthe seachtainiúla rialta a fhadú cheana féin le tréimhse cúitimh.

- Is lasmuigh den chábán, in áit oiriúnach arna híoc ag an bhfostóir (mura bhfilleann an tiománaí abhaile), a chaithfear an scíth rialta sheachtainiúil (45 uair an chloig ar a laghad) Airteagal 8 (8). Tá an toirmeasc seo ar chodladh sa chábán i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún.

- Chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna praiticiúla maidir le cóiríocht oiriúnach a aimsiú i gcóngar líonra na mbóithre, féadfar an scíth rialta sheachtainiúil a chaitheamh go heisceachtúil san fheithicil má tá sé páirceáilte sa chrios tiomnaithe le saoráidí leordhóthanacha don tiománaí agus má chomhlíonann an cábán critéir íosta áirithe (Airt 8(8)). Is é an tarlóir a íocfaidh aon táillí a ghearrfar as rochtain ar na criosanna tiomnaithe.

- Mar bheart idirthréimhseach (18 mí), ag féachaint d'easpa na gcriosanna páirceála tiomnaithe, is féidir codladh i gcábán incháilithe agus é páirceáilte i limistéar páirceála neamhcháilitheach ina gcuirtear saoráidí sláintíochta, ar a laghad, ar fáil.

Is féidir teacht ar an gcomhréiteach ón Uachtaránacht in <u>aguisín 3</u> a ghabhann leis an tuarascáil seo.

10. <u>Tiománaithe a phostú (*lex specialis* a ghabhann leis an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú)</u>

- Molann an Uachtaránacht coincheap na tréimhse cairdis a thréigean agus díriú ar chineál na hoibríochta. Má eagraítear oibríocht ar bhealach a thugann slán an nasc idir obair an tiománaí agus an Ballstát bunaíochta, ba cheart an tiománaí a dhíolmhú ó na rialacha maidir le postú. Leis an gcur chuige seo, seachnaítear an deacracht a bhaineann leis an líon laethanta nó uair an chloig is inmhianta a shainaithint.

- Ba cheart iompar a dhíolmhú go sainráite ó na rialacha maidir le postú (Airteagal 2 (2e)).

- Ba cheart oibríochtaí iompair déthaobhacha a dhíolmhú go sainráite freisin ó rialacha maidir le postú (Airteagal 2(2)). Ciallaíonn oibríocht iompair dhéthaobhach gluaiseacht earraí[3], bunaithe ar chonradh iompair, ó Bhallstát bunaíochta ina ndéantar na hearraí a luchtú, go dtí Ballstát eile nó tríú tír, áit a ndéantar iad a dhíluchtú. Más é an turas fillte chuig an mBallstát bunaíochta a leanann an oibríocht iompair dhéthaobhach, ba cheart díolúine a thabhairt don tiománaí freisin ó na rialacha maidir le postú don turas sin.

[3] Moltar foráil den chineál céanna don iompar paisinéirí.

- Má thrasnaítear Ballstáit eile le linn an turais seo chuig an tír is ceann scríbe, ceadófar uasmhéid 2 ghníomhaíocht bhreise luchtaithe/díluchtaithe lasmuigh den chóras seo maidir le postú. Má thrasnaítear na Ballstáit chéanna ar an mbealach ar ais chuig an mBallstát bunaíochta, ceadófar 2 ghníomhaíocht bhreise luchtaithe/díluchtaithe lasmuigh den chóras seo maidir le postú.

- I gcás gach cineál eile oibríochta, lena n-áirítear oibríochtaí cabatáiste, bheadh feidhm ag an gcóras iomlán maidir le postú ón gcéad lá den oibríocht, ós rud é nach bhforáiltear d'aon rialacha speisialta (cé is moite de rialacha speisialta maidir le rialú agus forfheidhmiú).

- Maidir le céim bhóthair d'oibríocht iompair chomhcheangailte, ní mheasfar an tiománaí a bheith arna phostú i gcás gur oibríocht iompair dhéthaobhach an chéim bhóthair ó Bhallstát na bunaíochta. I ngach cás eile, go háirithe nuair a dhéantar an chéim bhóthair *laistigh* de Bhallstát eile, ba cheart a mheas go bhfuil an tiománaí postaithe (Airteagal 2 (2f)).

- Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart liosta iata de na doiciméid riachtanacha maidir le cigireacht ar thaobh an bhóthair a thabhairt isteach (Airteagal 2(4)), mar atá beartaithe ag an gCoimisiún. Ba cheart córas faisnéise an mhargaidh inmheánaigh (IMI) a úsáid le haghaidh comhair idir na Ballstáit agus chun go gcuirfidh an comhlacht iompair dearbhuithe postaithe agus na doiciméid luach saothair isteach.

- Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha speisialta maidir le postú a luaithe is féidir (le sprioc chur chun feidhme de 18 mí) d'fhonn soiléireacht a chur ar fáil don earnáil agus d'fhonn deireadh a chur le bearta náisiúnta maidir le raon feidhme agus nós imeachta éagsúil. Molann an Uachtaránacht, áfach, go dtabharfaí isteach an fhéidearthacht leas a bhaint as tuilleadh solúbthachta maidir le luchtú/díluchtú de réir a chéile in éineacht le feidhmiú céimneach leagan 2 den tacagraf cliste.

Is féidir teacht ar an gcomhréiteach ón Uachtaránacht in aguisín 4 a ghabhann leis an tuarascáil seo.

## III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA NÁR RÉITÍODH FÓS

11. Cabatáiste (Rialachán 1072/2009)

- Measann a lán Ballstát go bhfuil moladh na hUachtaránachta maidir le tréimhse mharana 7 lá díréireach; níl glacadh ar chor ar bith ag cuid díobh le tréimhse mharana, sin nó ar scála scíthe seachtainiúla amháin. Measann roinnt Ballstát nach leor an tréimhse 7 lá. Thacaigh roinnt toscaireachtaí eile leis an smaoineamh go mbeadh cosaint mhalartach ann lena bhforálfaí d'fhilleadh na feithicle ar an mBallstát bunaíochta sula bhféadfaí tús a chur le hoibríochtaí nua cabatáiste i ndiaidh iompar idirnáisiúnta.

- Measann cuid de na toscaireachtaí gur den ríthábhacht é go mbunófaí cosaint chun nach mbainfí mí-úsáid as an tsaoirse chun seirbhísí iompair chomhcheangailte a chur ar fáil d'oibríochtaí cabatáiste leanúnacha.[4]

12. Critéir bhunaíochta d'oibreoirí iompair de bhóthar (Rialachán 1071/2009)

- Chuir go leor toscaireachtaí i gcoinne oibleagáid a bheith ann, mar ghné de bhunú éifeachtach, feithicil a úsáidtear in iompar idirnáisiúnta a fhilleadh go rialta chuig ionad oibríochtúil i mBallstát na bunaíochta. Ina dtuairim siúd, déanann ceanglas den sórt sin idirdhealú i gcoinne Ballstáit fhorimeallacha, tá sé díréireach ó thaobh raon feidhme de agus téann sé i gcoinne beartais maidir leis an Margadh Aonair agus maidir le hastaíochtaí a laghdú. Chuir roinnt toscaireachtaí eile a n-imní in iúl faoi in-fhorfheidhmitheacht oibleagáide den chineál sin trí chigireachtaí saothair nó trádála. Tacaíonn toscaireachtaí eile leis an Uachtaránacht agus na critéir bhunaíochta á neartú aici i ndáil leis an méid sin, d'fhonn cleachtas na gcuideachtaí caocha a chomhrac agus tá aistear fillteach níos minice á éileamh acu (an togra reatha: gach sé seachtaine).

[4] Féach sa chomhthéacs sin an Tuarascáil chuig an gComhairle maidir le togra lena leasaítear Treoir 92/106/CCE ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit.

13. Tréimhsí tiomána agus tréimhsí sosa (Rialachán 561/2006)

- Sa mhéid a bhaineann le filleadh rialta abhaile an tiománaí, tá tuairimí éagsúla ag na toscaireachtaí i ndáil leis an minicíocht, ag dul ó gach dhá sheachtain go gach 8 seachtaine. Seasann roinnt toscaireachtaí ar níos mó airde a thabhairt ar rogha an tiománaí i ndáil leis an áit inar mian leis nó léi an scíth rialta a ghlacadh.

- A mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar chodladh sa chábán le linn na scíthe seachtainiúla rialta, cloíonn roinnt toscaireachtaí lena seasamh nár cheart aon díolúine a dheonú, ós rud é go dtugtar le tuiscint leis na tréimhsí seo go n-imíonn an tiománaí go fisiciúil ón bhfeithicil agus go n-aireoidh sé nó sí go bhfuil am saor á chaitheamh acu. Ina theannta sin, measann siad, maidir leis an mbéim atá ar limistéir páirceála incháilithe, go n-eascraíonn míthuiscint as sin sa mhéid go dtosaítear ag plé an bhonneagair gan réiteach a fháil i ndáiríre ar cheist na gclós páirceála plódaithe.

- Tacaíonn líon mór toscaireachtaí le cur chuige na hUachtaránachta, ach iarrann siad, anuas air sin, go mbeadh idirthréimhse níos faide ann ina gceadófaí úsáid na gclós páirceála neamhcháilitheacha chun an fhadhb maidir leis an easpa clós páirceála a bhfuil na gnéithe is gá iontu a mhaolú.

- Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe diúltach ag roinnt toscaireachtaí maidir le solúbthacht an togra dhá thréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe a ghlacadh i ndiaidh a chéile, ar chúiseanna sábháilteachta ar bhóithre.

14. Tiománaithe a phostú (*lex specialis* a ghabhann leis an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú)

- Tagann tromlach na dtoscaireachtaí le cur chuige na hUachtaránachta go ndéanfaí cineálacha áirithe iompair a dhíolmhú ón Treoir maidir le hOibrithe a Phostú, agus go gcuirfí an Treoir seo i bhfeidhm gan srian ar chineálacha eile iompair. Tá roinnt toscaireachtaí fós idir dhá chomhairle, áfach, ar chúiseanna éagsúla: bíodh sé go gcáineann siad go láidir an t-idirdhealú i gcoinne samhaltacha áirithe gnó mar iarmhairt, agus na buntáistí iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibreoirí tríú tír, nó go gcronaíonn siad an chosaint a bhaineann le teorainneacha dochta ama lenar cheart feidhm a bheith ag rialacha postaithe ina ndiaidh agus i ngach cás.

- Glacann na toscaireachtaí leis i gcoitinne nár cheart feidhm a bheith ag rialacha maidir le postú i gcás idirthurais, agus gur cheart feidhm a bheith acu le linn oibríochtaí ar an margadh náisiúnta (cabatáiste). Maidir leis an díolúine le haghaidh oibríochtaí iompair déthaobhacha atá molta ag an Uachtaránacht, féadfaidh formhór na dtoscaireachtaí glacadh leis sin i bprionsabal, ach tá tuairimí éagsúla ann maidir le sonraí tábhachtacha a bhaineann leis, go háirithe:

– raon feidhme an fhocail "déthaobhach", is é sin an gá go dtosódh an oibríocht i mBallstát na bunaíochta agus cibé acu ar cheart an turas fillte a dhíolmhú faoi réir srianta amháin. Is fearr le roinnt toscaireachtaí sainmhíniú níos leithne;

– an tsolúbthacht le haghaidh gníomhaíochtaí breise luchtaithe agus/nó díluchtaithe ar an mbealach. Measann roinnt Ballstát gur íosmhéid glan atá in 2 ghníomhaíocht. Cuireann Ballstáit eile i gcoinne na solúbthachta breise, ag áitiú dóibh go ndéantar caolú ar choincheap an idirdhealaithe idir na cineálacha iompair agus gur fadhbanna rialaithe an toradh a bhíonn air sin.

- Tá barúlacha éagsúla ag na toscaireachtaí maidir le cén uair ba cheart tús a chur le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú. Tá aistriú de réir a chéile ag teastáil ó roinnt díobh, go háirithe ós rud é go bhfuil scéimeanna náisiúnta forbartha acu san idirlinn agus dar leo gur réamhriachtanas é an dara leagan den tacagraf cliste le go bhféadfaí na rialacha nua a fhorfheidhmiú. Iarrann toscaireachtaí eile go gcuirfí sin i bhfeidhm láithreach, i bhfianaise an amlíne chun leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú, agus an argóint acu go bhféadfar rialú feabhsaithe ar rialacha maidir le postú a bhaint amach gan an dara leagan den tacagraf cliste.

15. Thacaigh an t-ionadaí ón gCoimisiún leis an Uachtaránacht ina hiarracht cothromaíocht a aimsiú sa phacáiste comhréitigh. Bhí an t-ionadaí báúil le roinnt gnéithe nua le hais mar atá sa togra (go háirithe an t-iarfheistiú luath, díolúintí teoranta ón toirmeasc ar chodladh sa chábán, úsáid an chórais IMI) agus d'iarr sé, maidir le rialacha cabatáiste, nár cheart go mbeadh sé de thoradh ar an gcomhréiteach, ag an staid seo d'fhorbairt an chomhbheartais iompair, go mbeadh méadú ná laghdú ar an rochtain ar an margadh, ós sin ba bhonn leis an togra ón gCoimisiún. I dtaca le rialacha maidir le postú, chuir an Coimisiún i bhfios go láidir gur cheart d'aon tsamhail a bhunófaí prionsabal na cothromaíochta i ndáil le cearta sóisialta na dtiománaithe a chosaint agus an tsaoirse atá ag oibreoirí seirbhísí a sholáthar ar bhonn trasteorann.

16. Ar an 23 Samhain 2018, scrúdaigh Coreper na tograí an athuair mar ullmhúchán do chruinniú na Comhairle agus chinn sé an comhad a chur ar aghaidh, in éineacht leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach, chuig an gComhairle le haghaidh cinnidh.

17. Tar éis an chruinnithe a bhí ag Coreper, rinne an Uachtaránacht na hathruithe seo a leanas ar an gcomhréiteach:

- In Airteagal 8 (8a) den togra a bhaineann le Rialachán 561/2006 (an oibleagáid atá ar an bhfostóir filleadh rialta abhaile an tiománaí a eagrú[5]), cuireadh áit chónaithe an tiománaí isteach mar cheann scríbe fillte malartach, chun go mbeidh an fhoráil maidir le filleadh níos tarraingtí do thiománaithe;

- In Airteagal 2 de *lex specialis*, is é is aidhm de chuid de na hathruithe an díolúine i dtaca leis na rialacha maidir le postú a shoiléiriú a thuilleadh[6]: Cuirtear mír 1a isteach le soiléiriú a thabhairt ar raon feidhme na gcásanna i ndáil le postú a chlúdaítear leis na rialacha speisialta, eadhon go gcuirtear an tiománaí chuig Ballstát eile faoi chonradh nó go gcuirtear é chuig bunaíocht nó gnóthas atá faoi úinéireacht an ghnóthais a chuirfidh an tiománaí chuig Ballstát eile. I mír 2, cuireadh isteach tagairt don sainmhíniú ar "tír bhunaíochta". Tugtar struchtúr níos soiléire don díolúine le mír 2 go mír 2c (iompar déthaobhach earraí, gníomhaíocht bhreise i ndáil le hiompar earraí, iompar déthaobhach paisinéirí, gníomhaíocht bhreise i ndáil le hiompar paisinéirí). Ar deireadh, cuireadh mír 2d isteach lena soiléiriú go bhfuil feidhm ag rialacha maidir le postú le linn oibríochtaí cabatáiste.

## IV. <u>CONCLÚIDÍ</u>

18. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar <u>ar an gComhairle</u> scrúdú a dhéanamh ar na téacsanna a leagtar amach sna haguisíní a ghabhann leis an tuarascáil seo agus cur chuige ginearálta maidir leis an togra a ghlacadh.

---

[5] ADD 3 a ghabhann leis an tuarascáil seo, lch 9.
[6] ADD 4 a ghabhann leis an tuarascáil seo, lch 15 agus 16.